2026/1413

25.6.2026

CINNEADH (AE) 2026/1413 ÓN gCOMHAIRLE

an 20 Meitheamh 2025

lena mbunaítear nach bhfuil aon ghníomhaíocht éifeachtach déanta ag an Rómáin mar fhreagairt ar an Moladh ón gComhairle an 21 Eanáir 2025

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 126(8) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hAirteagal 126(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), foráiltear go bhfuil na Ballstáit le heasnaimh rialtais iomarcacha a sheachaint.

(2) Tá an Comhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis bunaithe ar chuspóir an airgeadais rialtais fhónta mar mhodh chun na dálaí a neartú le haghaidh cobhsaíocht praghsanna agus fás cuimsitheach inbhuanaithe láidir a mbeidh cobhsaíocht airgeadais mar bhonn taca leis, rud a thacódh le cuspóirí an Aontais maidir le fás inbhuanaithe agus fostaíocht a bhaint amach. Sa Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis, cuimsítear Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 ([1]) ón gComhairle, ar comhshocrú é a glacadh chun ceartú pras easnamh rialtais ghinearálta iomarcach a chur chun cinn.

(3) An 3 Aibreán 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2020/509 ([2]) faoi Airteagal 126(6) CFAE maidir le staid easnaimh iomarcaigh a bheith sa Rómáin mar gheall ar neamhchomhlíonadh beartaithe leis an gcritéar easnaimh in 2019, agus d'eisigh sí Moladh faoi Airteagal 126(7) CFAE ([3]) d'fhonn deireadh a chur leis an easnamh rialtais iomarcach faoi 2022 ar a dhéanaí.

(4) An 18 Meitheamh 2021, i bhfianaise an chraptha dhomhain ar ghníomhaíocht eacnamaíoch atá nasctha le paindéim COVID-19, ghlac an Chomhairle Moladh ([4]) athbhreithnithe faoi Airteagal 126(7) CFAE, agus ar an gcaoi sin mhol an Chomhairle go gcuirfeadh an Rómáin deireadh le staid an easnaimh iomarcaigh faoi 2024 ar a dhéanaí.

(5) An 26 Iúil 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2024/2130 ([5]) faoi Airteagal 126(8) CFAE, agus ar an gcaoi sin chinn sí nach raibh gníomhaíocht éifeachtach déanta ag an Rómáin mar fhreagairt ar an Moladh ón gComhairle an 18 Meitheamh 2021. Cuireadh san áireamh sa Chinneadh ón gComhairle an 26 Iúil 2024 go ndéanfaí an chéad bheart eile sa nós imeachta um easnamh iomarcach, is é sin moladh athbhreithnithe ón gComhairle faoi Airteagal 126(7) CFAE maidir le ceartú an easnaimh iomarcaigh, go ndéanfaí an beart sin tar éis thíolacadh an phlean fioscach-struchtúrach mheántéarmaigh náisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 11 agus le hAirteagal 36(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2024/1263 ó Phairlimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]).

([1]) Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 ón gComhairle an 7 Iúil 1997 maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air (IO L 209, 2.8.1997, lch. 6).

([2]) Cinneadh (AE) 2020/509 ón gComhairle an 3 Aibreán 2020 maidir le heasnamh iomarcach a bheith sa Rómáin (IO L 110, 8.4.2020, lch. 58)

([3]) Moladh ón gComhairle an 3 Aibreán 2020 d'fhonn deireadh a chur le heasnamh rialtais iomarcach sa Rómáin (IO C 116, 8.4.2020, lch. 1).

([4]) Moladh ón gComhairle an 18 Meitheamh 2021 d'fhonn deireadh a chur le heasnamh rialtais iomarcach sa Rómáin (IO C 304, 29.7.2021, lch. 111).

([5]) Cinneadh (AE) 2024/2130 ón gComhairle an 26 Iúil 2024 lena suitear nach bhfuil aon ghníomhaíocht éifeachtach déanta ag an Rómáin mar fhreagairt ar an Moladh ón gComhairle an 18 Meitheamh 2021 (IO L, 2024/2130, 1.8.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/2130/oj).

([6]) Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle (IO L, 2024/1263, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1263/oj).

(6) An 25 Deireadh Fómhair 2024, thíolaic an Rómáin a plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta, mar a cheanglaítear faoi Rialachán (AE) 2024/1263. Cumhdaítear leis an bplean an tréimhse ó 2025 go dtí 2028 agus cuirtear i láthair ann coigeartú fioscach i gcaitheamh 7 mbliana. An 21 Eanáir 2025, ghlac an Chomhairle moladh lena bhformhuinítear plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta na Rómáine ([7]).

(7) An 21 Eanáir 2025, ghlac an Chomhairle Moladh athbhreithnithe eile faoi Airteagal 126(7) CFAE lena moltar go gcuirfeadh an Rómáin deireadh le staid an easnaimh iomarcaigh faoi 2030 ([8]). Mhol an Chomhairle conair cheartaitheach ghlanchaiteachais ([9]) don Rómáin i gcomhréir le hAirteagal 3(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 agus na huasrátaí fáis glanchaiteachais seo a leanas i gceist: 5,1 % in 2025, 4,9 % in 2026, 4,7 % in 2027, 4,3 % in 2028, 4,2 % in 2029, agus 3,9 % in 2030, a chomhfhreagraíonn do na huasrátaí fáis carnacha arna ríomh faoi threoir 2023, mar atá 20,2 % in 2025, 26,0 % in 2026, 31,9 % in 2027, 37,6 % in 2028, 43,3 % in 2029, agus 49,0 % in 2030. Leag an Chomhairle síos spriocdháta an 30 Aibreán 2025 don Rómáin gníomhaíocht éifeachtach a dhéanamh agus na bearta is gá a chur i láthair mar aon lena tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn le haghaidh 2025, ar tuarascáil í atá le cur faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán (AE) 2024/1263.

(8) Go dtí seo, níor thíolaic an Rómáin a tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn maidir leis an ngníomhaíocht a rinneadh mar fhreagairt ar an moladh ón gComhairle an 21 Eanáir 2025 d'fhonn deireadh a chur le staid an easnaimh iomarcaigh agus maidir le cur chun feidhme na sraithe athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca faoin síneadh atáthar a chur leis an tréimhse coigeartaithe fhioscaigh.

(9) Mar thoradh ar mheasúnú ar an ngníomhaíocht a rinne an Rómáin mar fhreagairt ar an Moladh ón gComhairle an 21 Eanáir 2025, thángthas ar roinnt conclúidí a liostaítear thíos. Déantar an measúnú sin ar bhonn sonraí olltoraidh ó Eurostat, Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún agus faisnéis eile atá ar fáil don Choimisiún.

(10) De réir na sonraí maidir leis an toradh buiséadach ar thug an Rómáin fógra fúthu agus a bhailíochtaigh an Coimisiún (Eurostat), agus de réir ríomhanna an Choimisiúin, tháinig méadú 19,9 % ar an nglanchaiteachas in 2024. De réir réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go bhfásfaidh an glanchaiteachas 5,4 % in 2025, fás atá os cionn an uasmhéid mholta 5,1 % mar a leagtar amach sa Mholadh ón gComhairle an 21 Eanáir 2025. Mar chóimheas le OTI, is é 0,1 % de OTI an diallas idir ráta fáis an ghlanchaiteachais atá tuartha le haghaidh 2025 agus na huasmhéideanna molta. Agus 2024 agus 2025 á gcur san áireamh le chéile, tá sé tuartha ag an gCoimisiún gurb é 26,4 % ráta fáis carnach an ghlanchaiteachais le haghaidh 2024 agus 2025, céatadán atá os cionn an uasfháis charnaigh mholta 20,2 % mar a leagtar amach sa Mholadh ón gComhairle an 21 Eanáir 2025. Mar chóimheas le OTI, is é 1,7 % de OTI an diallas idir fás carnach an ghlanchaiteachais le haghaidh 2024 agus 2025 agus na huasmhéideanna molta. Is é is cúis leis an diallas den chuid is mó fás ard ar chaiteachas reatha an rialtais in 2024, caiteachas ar tháinig méadú 18,7 % air i gcoibhneas le 2023, go háirithe méadú 21,5 % ar bhille pá na hearnála poiblí agus méadú 19,5 % ar aistrithe sóisialta (lena n-áirítear pinsin).

(11) Mar gheall ar ráta ard fáis an ghlanchaiteachais in 2024, tháinig méadú go 9,3 % de OTI ar easnamh rialtais ghinearálta na Rómáine, ó 6,6 % de OTI in 2023 agus i bhfad os cionn an fháis bheartaithe 7,9 % de OTI ar thug an Rómáin fógra faoi i bhfómhar 2024. Réamh-mheastar i réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún go dtiocfaidh laghdú go 8,6 % de OTI ar an easnamh rialtais ghinearálta in 2025. Den chuid is mó, léiríonn an laghdú réamh-mheasta ar an easnamh in 2025 cur chun feidhme pacáiste comhdhlúthaithe fhioscaigh ag deireadh 2024. Cuimsíodh leis an bpacáiste sin reo ainmniúil ar phá agus ar phinsin agus roinnt bearta breise chun ioncam a fheabhsú, lena n-áirítear deireadh a chur le saoráidí fioscacha a deonaíodh d'earnálacha éagsúla. Mar sin féin, an t-athbhreithniú ar an gcreat cánach, arb athbhreithniú é a chuimsítear i bplean struchtúrach fioscach meántéarmach na Rómáine agus atá ríthábhachtach chun na spriocanna buiséadacha a bhaint amach in 2025 agus 2026, níor tháinig sé i bhfeidhm faoin 1 Aibreán 2025 ar a dhéanaí, mar a mholtar sa Mholadh ón gComhairle an 21 Eanáir 2025 lena bhformhuinítear plean struchtúrach fioscach meántéarmach na Rómáine. Tháinig méadú ar an gcóimheas idir fiachas poiblí agus OTI ó 48,9 % ag deireadh 2023 go 54,8 % de OTI ag deireadh 2024 agus réamh-mheasann an Coimisiún go dtiocfaidh méadú air go 59,4 % faoi dheireadh 2025, arb easnaimh arda rialtais is cúis leis an méadú céanna.

([7]) Moladh ón gComhairle an 21 Eanáir 2025 lena bhformhuinítear plean struchtúrach fioscach meántéarmach náisiúnta na Rómáine (IO C, C/2025/647, 10.2.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/647/oj).

([8]) Is féidir teacht ar na doiciméid uile a bhaineann le nós imeachta um easnamh iomarcach maidir leis an Rómáin ag: https://economy-finance.ec.europa.eu/economic-and-fiscal-governance/stability-and-growth-pact/corrective-arm-excessive-deficit-procedure/excessive-deficit-procedures-overview/romania_en.

([9]) Sainmhínítear in Airteagal 2(2) de Rialachán (AE) 2024/1263 gurb é is glanchaiteachas ann caiteachas rialtais atá glan (i) ar chaiteachas úis, (ii) ar bhearta lánroghnacha ioncaim, (iii) ar chaiteachas ar chláir an Aontais arna meaitseáil go hiomlán le hioncam ó chistí an Aontais, (iv) ar chaiteachas náisiúnta ar chómhaoiniú clár arna gcistiú ag an Aontas, (v) ar ghnéithe timthriallacha den chaiteachas ar shochar dífhostaíochta, agus (vi) ar bhearta aonuaire agus bearta sealadacha eile.

(12) Dá bhrí sin, níor leormhaith freagairt na Rómáine ar an Moladh ón gComhairle an 21 Eanáir 2025. D'fhás an glanchaiteachas i bhfad níos tapúla ná mar a mhol an Chomhairle. Is é an toradh a bhíonn air sin easnamh ard leanúnach rialtais, rud a chuireann i mbaol ceartú tráthúil an easnaimh iomarcaigh faoi 2030. Níl aon 'tosca ábhartha' maolaitheacha le cur san áireamh sa nós imeachta um easnamh iomarcach a d'athródh an measúnú sin, agus is toisc ghéaraitheach iad na rioscaí arda meántéarmacha maidir le hinbhuanaitheacht fhioscach atá roimh an Rómáin.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Níl gníomhaíocht éifeachtach déanta ag an Rómáin mar fhreagairt ar an Moladh ón gComhairle an 21 Eanáir 2025.

Airteagal 2

Is chuig an Rómáin a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Meitheamh 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

A. DOMAŃSKI